RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1218 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 maidir leis an bhfaisnéis faoi na hallmhairí atá díolmhaithe ó CBL faoin "scéim allmhairiúcháin" a stóráil agus rochtain uathoibrithe a fháil uirthi

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus an comhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Pointe (e) d'Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, arna chur isteach le Rialachán (AE) 2017/2454 ón gComhairle ([2]), cuireadh isteach é chun go bhféadfaí faisnéis a chomhroinnt idir na Ballstáit maidir leis an scéim allmhairiúcháin dá bhforáiltear i Roinn 4 de Chaibidil 6 de Theideal XII de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([3]), a mbeidh feidhm aici ón 1 Iúil 2021.

(2) Le pointe (e) d'Airteagal 17(1) agus Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a stóráil maidir le hallmhairí atá díolmhaithe ó cháin bhreisluacha ("CBL") arna bailiú acu faoi phointe (ca) d'Airteagal 143(1) de Threoir 2006/112/CE agus rochtain uathoibrithe a thabhairt do na Ballstáit eile ar an bhfaisnéis sin, d'fhonn cuidiú leis na Ballstáit neamhréireachtaí a shainaithint i dtuairisciú CBL agus i gcalaoisí CBL a d'fhéadfadh a bheith ann.

(3) Bailíonn na húdaráis náisiúnta chustaim faisnéis maidir leis na hallmhairí sin atá díolmhaithe ó CBL i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus cuireann siad ar aghaidh chuig an gCoimisiún í trí bhíthin an chórais leictreonaigh dá dtagraítear in Airteagal 56(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([5]). Ar mhaithe leis an éifeachtúlacht, i gcás stóráil na faisnéise maidir le hallmhairí atá díolmhaithe ó CBL agus rochtain uathoibrithe uirthi, a cheanglaítear le pointe (e) d'Airteagal 17(1) agus Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, ba cheart iad a tharlú trí bhíthin úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach céanna sin.

(4) Na sonraí teicniúla a bhaineann le ceadú uathoibrithe na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, leagtar síos iad in Airteagal 55 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447. Le hAirteagal 55(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, ceadaítear d'údaráis náisiúnta chánach rochtain a bheith acu ar shonraí i bhfoirm chomhiomlán sa chóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 56(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

(5) Le hAirteagal 5a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 ón gCoimisiún ([6]), sonraítear na sonraí teicniúla i dtaobh stóráil na faisnéise maidir le hallmhairí atá díolmhaithe ó CBL agus rochtain uathoibrithe uirthi, a cheanglaítear le pointe (f) d'Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 904/2010. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 5a(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 a leasú chun sonraí teicniúla cheadú uathoibrithe na faisnéise dá dtagraítear sa dara cuid de phointe (e) d'Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a cheadú.

(6) Ionas go mbeidh feidhm ag an Rialachán seo ón dáta céanna le Rialachán (AE) 2017/2454, lenar cuireadh isteach pointe (e) d'Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Iúil 2021.

([1]) IO L 268, 12.10.2010, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2017/2454 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le comhar riaracháin agus an comhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 348, 29.12.2017, lch. 1).

([3]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de chuid Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2012 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de chuid Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus an comhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 29, 1.2.2012, lch. 13).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Chomhar Riaracháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5a(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012:

"1. Stóráil na faisnéise agus an rochtain uathoibrithe uirthi ag na húdaráis inniúla dá dtagraítear i bpointí (e) agus (f) d'Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, tarlóidh siad trí bhíthin an chórais leictreonaigh dá dtagraítear in Airteagal 56(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ((*).

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de chuid Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN